Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

12906/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0329 (NLE)**

| | |
|---|---|
| **AELE 101** | **IND 284** |
| **EEE 83** | **CSC 353** |
| **N 122** | **EU-GNSS 41** |
| **ISL 77** | **CSCGNSS 17** |
| **FL 77** | **TRANS 604** |
| **ESPACE 98** | **CSDP/PSDC 508** |
| **MI 745** | **AVIATION 256** |
| **RECH 453** | **CFSP/PESC 949** |
| **ENER 431** | **MAR 193** |
| **COMPET 714** | **TELECOM 377** |
| **EMPL 433** | |

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus leis an leasú ar Phrótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE (Clár Spáis an Aontais Eorpaigh) |

**CINNEADH (AE) 2021/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus leis an leasú ar Phrótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE (Clár Spáis an Aontais Eorpaigh)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE cinneadh a dhéanamh, *inter alia*, Prótacail 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse ('Prótacail 31') agus Prótacail 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 ('Prótacail 37') a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] le hionchorprú i gComhaontú LEE. Ní bhaineann an leasú sin ach leis an Iorua agus leis an Íoslainn.

(4) Ba cheart Prótacal 31 agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[2] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh aige thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus ar Phrótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 12908/21 ag http://register.consilium.europa.eu.